2026/699

3.6.2026

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/699 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Márta 2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain chaighdeánaithe ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, agus leis na ceanglais agus na nósanna imeachta i ndáil le rochtain shlán ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 61(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/858, ceanglaítear ar mhonaróirí feithiclí rochtain neamhshrianta chaighdeánaithe neamh-idirdhealaitheach a thabhairt d'oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle, ar threalamh diagnóiseach agus ar threalamh eile, ar uirlisí lena n-áirítear na tagairtí iomlána agus ar íoslódálacha na mbogearraí agus na faisnéise is infheidhme faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí.

(2) Le hAirteagal 4(5), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (rialacha cibearshlándála an Aontais) foráiltear go bhfuil na monaróirí leis na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh maidir le feithiclí a chosaint ar chibirionsaithe. Le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a glacadh chuige sin, déantar tagairt do cheanglais Rialachán Uimh. 155 de chuid na Náisiún Aontaithe ([3]).

(3) De bhun Rialachán Uimh. 155 de chuid na Náisiún Aontaithe, tá na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála dá bhforáiltear ann, gan dochar, áfach, do reachtaíocht an Aontais lena rialaítear rochtain páirtithe údaraithe ar an bhfeithicil, ar a sonraí, a feidhmeanna agus a hacmhainní, agus coinníollacha na rochtana sin:

(4) Maidir le rochtain oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, lena n-áirítear rochtain chun scríofa ar an bhfaisnéis sin, le Rialachán (AE) 2018/858, cuirtear cosc ar mhonaróir feithiclí an rochtain sin a chur faoi réir coinníollacha seachas iad siúd a leagtar síos sa Rialachán sin, mar shampla coinníollacha arb í is spreagadh dóibh an chibearshlándáil.

([1]) IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus le cosaint taistealaithe feithicle agus úsáideoirí bóthair gan chosaint, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj).

([3]) Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le córas bainistithe cibearshlándála [2021/387] (IO L 82, 9.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/387/oj).

(5) Níl creat dlíthiúil an Aontais lena rialaítear bearta cibearshlándála atá le cur i bhfeidhm maidir le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicil iomlán. Le rialacha cibearshlándála an Aontais, ceanglaítear ar mhonaróirí na feithiclí a chosaint ar chibirionsaithe ach teorannaítear leo éifeacht na gceanglas teicniúla lena sonraítear na bearta is infheidhme a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí feithicle. Os a choinne sin, ní chuirtear an chibearshlándáil san áireamh go leormhaith i rialacha maidir le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle. Mar thoradh air sin, bíonn aghaidh le tabhairt ag monaróirí feithiclí ar shrianta tábhachtacha dlíthiúla lena gcuirtear cosc orthu bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an fheithicil a chosaint ar chibirionsaithe a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle.

(6) Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go gceadaítear do mhonaróirí carr bearta éifeachtacha comhréireacha cibearshlándála a chur i bhfeidhm agus an tráth céanna, rochtain a thabhairt ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord.

(7) An méadú ar an líon bagairtí cibearshlándála agus glacadh gaolmhar rialacha an Aontais lena gceanglaítear ar mhonaróirí feithiclí feithiclí a chosaint ar chibirionsaithe, is forbairtí teicniúla agus rialála iad sin lena dtugtar údar leis na leasuithe sin ar Iarscríbhinn X.

(8) Chun cead a thabhairt do na monaróirí aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin agus rochtain éifeachtach oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle á coinneáil ar bun, ba cheart a chuimsiú i Rialachán (AE) 2018/858 na coinníollacha agus na nósanna imeachta is ceadmhach do mhonaróirí feithiclí a chur i bhfeidhm chun rochtain shlán oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord a áirithiú.

(9) De réir chineál na rochtana a lorgaítear agus iarmhairtí na rochtana sin, ba cheart cead a thabhairt do mhonaróirí feithiclí ceanglas a leagan síos go ndéanfaidh monaróirí uirlisí diagnóiseacha a úsáidtear chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord an uirlis agus an t-oibreoir neamhspleách atá ag lorg rochtana nó a fhostaí a fhíordheimhniú agus inrianaitheacht a áirithiú tríd an bhfaisnéis ábhartha maidir leis an rochtain sin a thaifeadadh agus a stóráil. Ba cheart cead a thabhairt dóibh freisin, i gcásanna sonracha, ceanglas a dhéanamh de go gceanglófaí d'fhreastalaí an mhonaróra feithiclí.

(10) Chun coinníollacha cothroma le haghaidh na hiomaíochta a chosaint, ba cheart an fhaisnéis faoi oibreoirí neamhspleácha a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle a bhréagainmniú.

(11) Chun é a chur ar a gcumas do mhonaróirí feithiclí spleáchais a bhainistiú, mar a cheanglaítear faoi na rialacha cibearshlándála feithicle is infheidhme, ba cheart cead a bheith acu a fhíorú go gcomhlíonann na huirlisí diagnóiseacha agus a monaróirí na caighdeáin agus an cur chun feidhme cibearshlándála ábhartha.

(12) I gcás cibirtheagmhas, mí-úsáid thromchúiseach nó teagmhais lena mbaineann dliteanas an mhonaróra feithiclí, ba cheart monaróirí feithiclí a bheith in ann faisnéis a fháil faoi chásanna sonracha rochtana agus rochtain uirlise agus oibreora neamhspleách nó a fhostaí a chur ar fionraí ar bhonn sealadach, de réir mar is iomchuí agus faoi rialú an údaráis ceadaithe.

(13) Ba cheart do mhonaróirí feithiclí an fhaisnéis theicniúil uile is gá a sholáthar do mhonaróirí na n-uirlisí diagnóiseacha aonchineálacha ag pointe ama fada go leor roimh an bhfeithicil a chur ar an margadh chun é a chur ar a gcumas do na monaróirí uirlise sin seirbhís leormhaith a sholáthar d'oibreoirí neamhspleácha deisiúcháin.

(14) I dteannta na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta um rochtain shlán ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, leis an Rialachán seo ba cheart rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a éascú a thuilleadh, agus an dul chun cinn teicniúil á chur san áireamh.

(15) Ba cheart an chatalóg faisnéise atá le cur ar fáil ag na monaróirí feithiclí a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus go háirithe na riachtanais a chur san áireamh a bhaineann le ceallraí feithicle agus córais nua cúnta tiománaí a dheisiú agus a chothabháil.

(16) I gcás ina gcumasaíonn monaróirí feithiclí rochtain ar an sruth sonraí infheithicle, chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus chun críche diagnóisice, deisiúcháin agus cothabhála, faireacháin agus cigireachta, ar mhodh eile seachas an port sonraí srathach ar an nascóir caighdeánaithe, ba cheart an rochtain agus an fhaisnéis chéanna a bheith ar fáil faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha do na hoibreoirí neamhspleácha uile.

(17) Agus an ról a bhíonn ag foilsitheoirí sonraí maidir le deisiú agus cothabháil feithiclí a éascú á aithint, ba cheart na ceanglais roinnte faisnéise ar na monaróirí feithicle a shoiléiriú a thuilleadh.

(18) Chun é a chur ar a gcumas do dheisitheoirí neamhspleácha aonaid rialaithe feithicle a athchlárú faoi na coinníollacha céanna a bhíonn ar fáil do mhonaróirí feithicle agus do dheisitheoirí údaraithe, is gá ceanglais bhreise a leagan amach go gcuirfidh monaróirí bogearraí nó faisnéis shonrach ar fáil do mhonaróirí uirlisí diagnóiseacha neamhspleácha.

(19) Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, áfach, ní mór do na monaróirí feithicle bearta tábhachtacha ullmhúcháin a chur chun feidhme agus dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm na gceanglas sin a chur siar chun foráil a dhéanamh maidir le haga tionscanta iomchuí.

(20) Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ná do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Oibleagáidí monaróirí a mhéid a bhaineann le rochtain a thabhairt d'oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle faoin Rialachán seo go háirithe, tá siad gan dochar do chearta ábhar sonraí agus oibleagáidí monaróirí feithicle, monaróirí uirlisí diagnóiseacha agus oibreoirí neamhspleácha faoi na gníomhartha sin.

(21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug sé tuairim uaidh an 20 Feabhra 2026 ([7]).

(22) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/858 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2018/858 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) https://www.edps.europa.eu/data-protection/our-work/our-work-by-type/opinions_en.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2018/858 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. Réamhrá

San Iarscríbhinn seo, leagtar síos na ceanglais theicniúla maidir leis an rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí gan beann ar an gcineál gléasra cumhachta feithicle.’;

(2) i bpointe 2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘An oibleagáid atá ar mhonaróir faisnéis faoi chóras diagnóiseach ar bord feithicle agus faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a sholáthar ar a suíomh gréasáin i bhformáid chaighdeánaithe, toimhdeofar go bhfuiltear i gcomhréir leis an oibleagáid sin ach a bheith i gcomhréir leis na nithe seo a leanas – Cuid 1 ‘Faisnéis ghinearálta agus sainiú cáis úsáide’, Cuid 2 ‘Ceanglais theicniúla’, Cuid 3 ‘Ceanglais feidhmíochta maidir leis an gcomhéadan úsáideora’ agus Cuid 4 ‘Tástáil comhréireachta de chaighdeán EN ISO 18541 – 2021 agus Cuid 5 ‘Foráil shonrach maidir le feithiclí tromshaothair’ ‘Feithiclí bóthair – Rochtain chaighdeánaithe ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil mótarfheithiclí’ de chaighdeán EN ISO 18541 – 2018.”;

(3) i bpointe 2.5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘2.5. Cuimseofar an méid seo a leanas san fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí:’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.5.1:

‘2.5.1. sainaithint aonchiallach na feithicle agus an liosta de roghanna a fheistítear i monarcha a fhaightear dá barr sin, mar aon le sainaithint aonchiallach córas, comhpháirteanna, aonad teicniúil ar leithligh, páirteanna nó trealaimh as a bhfuil an monaróir freagrach;’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.5.4:

‘2.5.4. faisnéis faoi chórais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna, trealamh agus diagnóis (lena n-áirítear luachanna teoiriciúla íosta agus uasta le haghaidh tomhas), lena n-áirítear faisnéis faoi na feidhmeanna agus na hinniúlachtaí is gá chun Ardchórais Cúnta Tiománaí nó Córais um Chúnamh Rialúcháin don Tiománaí agus na comhpháirteanna lena mbaineann a chalabrú nó a dheisiú);’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.5.7:

‘2.5.7. an fhaisnéis is gá chun a chinneadh an bhfuil gá le nuashonrú bogearraí nó códú malairtí le haghaidh oibríocht shonrach deisiúcháin nó cothabhála;’;

(7) cuirtear isteach an pointe 2.5.7a seo a leanas:

‘2.5.7a. an fhaisnéis is gá chun an nuashonrú bogearraí ceart nó an códú malairtí ceart a aithint le haghaidh gach córais, comhpháirte, aonaid theicniúil ar leithligh, páirte nó trealaimh ar a bhfuil nuashonrú bogearraí de dhíth.

De mhaolú ar phointe 2.1, i gcás ina bhfuil nasc cúil de dhíth chun an leagan ceart bogearraí nó códaithe malairtí a chinneadh, ní cheanglófar ar an monaróir an fhaisnéis is gá chun an nuashonrú bogearraí ceart nó an códú malairtí ceart a shainaithint le haghaidh gach córais, comhpháirte, aonaid theicniúil ar leithligh, páirte nó trealaimh ar a bhfuil nuashonrú de dhíth, ní cheanglófar air an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin;’;

(8) leasaítear pointe 2.5.8 mar a leanas:

‘2.5.8. faisnéis a sholáthraítear a bhaineann le huirlisí dílsithe agus le trealamh dílsithe agus a chuirtear ar fáil tríothu lena n-áirítear an fhaisnéis i ndáil le haon uirlis nó trealamh breise agus na treoracha úsáideora is gá chun calabrú comhpháirte nó córais a dhéanamh;’;

(9) cuirtear isteach na pointí 2.5.12 agus 2.5.13 seo a leanas:

‘2.5.12. faisnéis a sholáthraíonn an monaróir dá chomhpháirtithe, dá dhéileálaithe nó dá dheisitheoirí údaraithe nó a úsáideann an monaróir chun críoch deisiúcháin agus cothabhála, ar faisnéis í is gá le haghaidh na diagnóise agus, i gcás inarb infheidhme, chun córais ceallraí tarraingthe a dheisiú mar aon lena n-aonaid inmhalartaithe a dheisiú, lena n-áirítear modúil ceallraí;

2.5.13. faisnéis atá sonrach don chineál feithicle is gá chun páirteanna agus comhpháirteanna a láimhseáil go sábháilte, go háirithe faisnéis is gá chun daoine a chosaint ar ghuaiseacha leictreacha, teirmeacha agus ceimiceacha ó cheallraí tarraingthe; mar a chuirtear ar fáil don mhonaróir feithiclí nó dá chomhpháirtithe.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.6.2:

'2.6.2 an fhaisnéis seo a leanas:

(a) sonraí tuairisce diagnóisí dá dtagraítear i bpointe 3 d'fhoscríbhinn 2. Áiritheoidh an monaróir go bhfuil na sonraí sin i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(i) go gcuirtear ar fáil iad mar thacair sonraí leictreonacha atá inphróiseáilte go díreach,

(ii) go bhfuil an leibhéal céanna mionsonraithe iontu agus atá sna sonraí a úsáideann uirlisí diagnóiseacha dílsithe an mhonaróra feithiclí;

(iii) go déantar taifead cuimsitheach orthu;

(b) tuairiscí ar idirghníomhaíochtaí ar bord agus ar idirghníomhaíochtaí seachtracha is gá chun aon obair dheisiúcháin agus chothabhála a dhéanamh.

Ní chuirfidh an monaróir feithiclí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) ar fáil ach amháin i gcás cineálacha feithiclí ar deonaíodh deimhniú ar chineálcheadú ina leith den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2020;';

(11) cuirtear isteach an pointe 2.6.3 seo a leanas:

'2.6.3. faisnéis faoi conas uirlisí agus trealamh dílsithe a fháil.';

(12) cuirtear isteach na pointí 2.6a agus 2.6b seo a leanas:

'2.6a. Cuirfidh an monaróir ar fáil do mhonaróirí trealaimh deisiúcháin agus uirlisí diagnóiseacha cineálacha an fhaisnéis, an tsonraíocht theicniúil agus na treoracha úsáideora uile chun Ardchórais Cúnta Tiománaí nó Córais um Chúnamh Rialúcháin don Tiománaí a dheisiú, a chothabháil nó a dhiagnóisiú trí bhíthin uirlisí diagnóiseacha.

2.6b. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 2.6. agus 2.6a. ar fáil i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a shonraíonn an monaróir i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha íocaíochta nó srianta úsáide agus táillí a leagtar síos mar cheanglas i gcomhréir le hAirteagal 63(1).';

(13) cuirtear an méid seo sa leanas in ionad phointe 2.9:

'2.9. Chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus chun críche diagnóisice, deisiúcháin agus cothabhála, faireacháin agus cigireachta, cumasóidh an monaróir feithiclí rochtain dhéthreoch ar an sruth sonraí infheithicle, ar na modhanna seo a leanas uile:

(a) an port sonraí srathach ar an nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí dá dtagraítear i bhFoscríbhinn 1 mír 6.5.3 d'Iarscríbhinn C5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (*) i gcomhréir le mír 4.7.3 d'Iarscríbhinn 9B agus na doiciméid caighdeáin tagartha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 6 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe faoi seach (**);

(b) aon mhodh rochtana infheithicle eile a sholáthraíonn an monaróir dá chomhpháirtithe, dá dhéileálaithe agus dá dheisitheoirí údaraithe nó a úsáideann an monaróir chun críoch deisiúcháin agus cothabhála, lena n-áirítear nascóirí Ethernet, pionnaí neamhchaighdeánaithe ar an bport caighdeánaithe diagnóisice ar bord, comhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir a úsáidtear le haghaidh comhtháthú seirbhísí iarmhargaidh agus líonraí achair logánta gan sreang;

(c) aon saoráid a sholáthraíonn an monaróir dá chomhpháirtithe, dá dhéileálaithe agus dá dheisitheoirí údaraithe nó a úsáideann an monaróir chun cianrochtain a chumasú ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle chun deisiúchán agus cothabháil a dhéanamh, lena n-áirítear faireachán agus cigireacht (i gcás ina ndéantar faireachán agus cigireacht chun deisiúchán agus cothabháil a dhéanamh) nó seirbhísí cianda deisiúcháin agus diagnóisice.

I gcás ina bhfuil an fheithicil ag gluaiseacht, féadfaidh an monaróir roghnú an sruth sonraí a chur ar fáil le haghaidh feidhmeanna inléite agus le haghaidh na bhfeidhmeanna sin amháin, ar choinníoll go gcuireann an monaróir an srian céanna i bhfeidhm maidir lena chomhpháirtithe, lena dhéileáilithe agus lena dheisitheoirí údaraithe féin.

Féadfaidh an monaróir coinníollacha a chur chun feidhme maidir le rochtain a fháil ar shruth sonraí na feithicle, a mhéid is gá agus i gcomhréir le comhlíonadh Airteagal 4(5)(d) de Rialachán (AE) 2019/2144 agus Iarscríbhinn II, líne D4, a ghabhann leis agus Airteagal 4(7) 4(8) agus Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2024/1257. Maidir le rochtain ar na modhanna ar a dtugtar tuairisc in 2.9 (a) agus (b), ní rachaidh na coinníollacha sin thar na coinníollacha is ceadmhach don mhonaróir a chur i bhfeidhm de bhun Fhoscríbhinn 4 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

---

(*) Rialachán Uimh. 154 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí éadroma do phaisinéirí agus feithiclí éadroma tráchtála a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus tomhaltas breosla agus/nó tomhas tomhaltais fuinnimh leictrigh agus raoin leictrigh (WLTP) [2021/2039] (IO L 423, 26.11.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2039/oj).

(**) Rialachán Uimh. 49 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na bearta atá le déanamh i gcoinne astú truailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh agus innill adhainte deimhní atá le húsáid i bhfeithiclí [2023/64] (IO L 14, 16.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/64/oj).';

(14) cuirtear an méid seo sa leanas in ionad phointe 6.1:

'6.1. Maidir leis an oibleagáid atá ar an monaróir faisnéis faoi dheisiú agus cothabháil feithiclí a sholáthar ar a shuíomh gréasáin i bhformáid chaighdeánaithe, measfar go bhfuiltear i gcomhréir léi ach na Codanna de chaighdeán ISO 18541-1:2021 go ISO 18541-4:2021 agus ISO 18541-5:2018, dá dtagraítear i bpointe 2.1 a chomhlíonadh.

Daoine a bhfuil ceart macasamhlaithe nó athfhoilsithe na faisnéise sin uathu, déanfaidh siad caibidlíocht dhíreach leis an monaróir lena mbaineann. Cuirfear faisnéis le haghaidh ábhar oiliúna ar fáil freisin, agus féadfar í a chur ar fáil trí mheáin eile seachas suíomhanna gréasáin.

6.1.1. Chun faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a fhoilsiú, cuirfidh an monaróir an fhaisnéis ar fáil mar chomhaid i bhformáid a fhónann do phróiseáil leictreonach dhíreach na dtacar sonraí sna comhaid sin. Beidh an fhaisnéis chomh sonraithe céanna leis an bhfaisnéis a úsáideann an monaróir chun críoch deisiúcháin agus cothabhála. Déanfar an fhaisnéis a dhoiciméadú chun críoch léirmhínithe agus tabharfar cothrom le dáta í a mhinice agus a chomhaontaítear leis an oibreoir neamhspleách. Cuirfear nuashonruithe ar fáil chomh minic céanna agus a chuirtear ar fáil do dhéileálaithe agus do dheisitheoirí údaraithe agus an tráth céanna freisin. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirm pacáistí bunaithe ar fhaisnéis theicniúil de réir cás úsáide, mar atá ar fáil don mhonaróir. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt den phointe seo ar fáil ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a shonraíonn an monaróir i gcomhréir leis an Rialachán seo, amhail téarmaí íocaíochta agus aon choinníoll nó srian úsáide comhoiriúnach, agus na táillí a leagtar síos mar cheanglas i gcomhréir le hAirteagal 63(1) den Rialachán seo. Pacáistí faisnéise a shainítear bunaithe ar chritéir atá i gcomhréir leis na ceanglais maidir le faisnéis le haghaidh Chás Úsáide 5.1.1., Chás Úsáide 5.1.2, Chás Úsáide 5.2, Chás Úsáide 5.3, Chás Úsáide 5.4, Chás Úsáide 5.5, Chás Úsáide 5.7, Chás Úsáide 5.8, Chás Úsáide 5.9, Chás Úsáide 8 agus Chás Úsáide 11 de chaighdeán ISO 18541-1 2021, measfar go bhfuil siad comhlíontach.

Ní sholáthróidh an monaróir,, ón 23 Meitheamh 2027, ach pacáistí faisnéise a shainítear bunaithe ar chritéir atá i gcomhréir leis na ceanglais maidir le faisnéis le haghaidh Chás Úsáide 5.3 agus Chás Úsáide 5.4 in ISO 18541-1:2021 nach bhfuil ar fáil ach in aghaidh na huimhreach aitheantais feithicle i gcás ina n-iarrann deisitheoir neamhspleách amhlaidh trí Chomhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchláir (*). Sna cásanna sin, tarchuirfidh an deisitheoir neamhspleách iarraidh atá sonrach don uimhir aitheantais feithicle chuig an monaróir trí thríú páirtí atá ag gníomhú ar bhonn comhaontaithe leis an monaróir.

I gcás ina sainítear na pacáistí faisnéise bunaithe ar chritéir atá i gcomhréir leis na ceanglais maidir le faisnéis le haghaidh Chás Úsáide 8 in ISO 18541-1:2021, soláthróidh an monaróir don tríú páirtí sin, ón 23 Meitheamh 2027, Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchláir a chuireann ar a chumas don deisitheoir neamhspleách an stair cothabhála leictreonaí a fheiceáil agus a nuashonrú faoi réir na gcoinníollacha breise mar a shonraítear san ISO agus, i gcás inarb iomchuí, coinníollacha agus próisis an mhonaróra a úsáidtear chun comhaontú custaiméara a fháil. Déanfaidh an monaróir amhlaidh faoi réir

na bpróiseas céanna nó próisis choibhéiseacha agus faoi réir na faisnéise is gá a shonraítear san fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil ar shuíomh gréasáin an mhonaróra. Sna cásanna sin, féadfaidh an deisitheoir neamhspleách, tar éis comhaontú an chustaiméara a fháil, iarraidh ar nuashonrú ar an taifead deisiúcháin nó cothabhála a tharchur chuig an monaróir trí thríú páirtí atá ag gníomhú ar bhonn comhaontaithe leis an monaróir. Feadfar deimhniú atá i gcomhréir le Moladh ITU-T X.509 ón Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide a úsáid chun céannacht an deisitheora neamhspleách a fhíorú.

Beidh rochtain ar na comhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir sin, lena n-áirítear chun iontrálacha staire cothabhála leictreonaí a nuashonrú faoi réir Airteagal 63(1).

Fágfaidh struchtúr na faisnéise go mbeifear in ann an fhaisnéis sa phacáiste a chuardach agus a scagadh de réir critéir aicmiúcháin cineáil samhla agus critéir aicmiúcháin eile a úsáideann líonra dílis an mhonaróra feithiclí.

6.1.2. Maidir le faisnéis faoi pháirteanna uile na feithicle, arna sainaithint leis an uimhir aitheantais feithicle agus le haon chritéar breise amhail rothfhad, aschur an innill, leibhéal cóirithe nó roghanna, atá feistithe inti ag an monaróir feithiclí agus is féidir a athsholáthar le páirteanna spártha a thairgeann an monaróir feithiclí dá dheisitheoirí nó dá dhéileálaithe nó do thríú páirtithe údaraithe trí bhíthin tagairt d'uimhir páirteanna buntrealaimh, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirm tacair sonraí atá inléite ag meaisín agus is féidir a phróiseáil go leictreonach, i mbunachar sonraí atá sorochtana go héasca ag oibreoirí neamhspleácha.

Beidh sa bhunachar sonraí sin an uimhir aitheantais feithicle, uimhreacha páirteanna buntrealaimh, ainmniú buntrealaimh na bpáirteanna, sonraí bailíochta (na dátaí 'bailí ó' agus 'bailí go'), sonraí feistithe agus, i gcás inarb infheidhme, saintréithe struchtúraithe.

Tabharfar an fhaisnéis sa bhunachar sonraí cothrom le dáta go tráthrialta. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil do dhéileálaithe údaraithe, áireofar sna nuashonruithe na modhnuithe uile ar fheithiclí aonair tar éis a dtáirgthe.';

(*) Mar a shainítear in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsiú agus lena n-athúsáid (IO L 19, 20.1.2023, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/138/oj).';

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.2.2:

'6.2.2. úsáidfear an caighdeán https//ssl-tls (RFC5246) nó aon chaighdeán eile a thiocfaidh ina áit amach anseo;';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.2.3:

'6.2.3. úsáidfear deimhnithe slándála i gcomhréir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 9594-8:2020 le haghaidh fíordheimhniú frithmhalartach oibreoirí agus monaróirí neamhspleácha;';

(17) cuirtear an méid seo sa leanas in ionad phointe 6.4:

'6.4. Déanfar athchlárú aonad rialaithe, códú malairtí agus gníomhú páirteanna athsholáthair agus úsáid á baint as crua-earraí neamhdhílsithe, agus ní bheifear spleách ar chrua-earraí an mhonaróra i gcomhréir le haon cheann díobh a leanas:

(a) an caighdeán idirnáisiúnta ISO 22900-2;

(b) SAE J2534-1;

(c) SAE J2534-2;

(d) TMC RP1210B;

(e) Caighdeán SOVD ISO/DIS 17978-1.

I gcás ina n-úsáidtear Ethernet, déanfar athchlárú aonad rialaithe, códú malairtí agus gníomhú páirteanna athsholáthair i gcomhréir le ceachtar de ISO22900-2 nó J2534-2.

Chun comhoiriúnacht an fheidhmchláir is sonrach don mhonaróir agus chomhéadain chumarsáide na feithicle a bhailíochtú, agus an caighdeán idirnáisiúnta ISO 22900-2 nó SAE J2534-1 nó SAE J2534-2 nó TMC RP1210B á chomhlíonadh, tairgfidh an monaróir bailíochtú comhéadan cumarsáide feithicle arna bhforbairt go neamhspleách nó an fhaisnéis mar aon le hiasacht aon chrua-earra speisialta, is gá do mhonaróir comhéadain cumarsáide na feithicle chun an bailíochtú sin a dhéanamh.

Féadfaidh an monaróir táillí réasúnta agus comhréireacha a ghearradh ar an mbailíochtú sin nó ar fhaisnéis agus crua-earraí. Ní bheidh na táillí sin ina ndíspreagadh i leith úsáid an bhailíochtaithe sin nó na faisnéise agus na gcrua-earraí.';

(18) cuirtear isteach an pointe 6.4a seo a leanas:

'6.4a. Ón 23 Nollaig 2026 cuirfidh an monaróir feithiclí ar fáil do mhonaróir uirlise diagnóisí neamhspleáiche aon cheann de na bogearraí nó aon chuid den fhaisnéis seo a leanas maidir leis an gcineál feithicle ar deonaíodh an deimhniú ar chineálcheadú ina leith ar dtús tar éis an 1 Meán Fómhair 2020:

(a) bogearraí nó comhéadain seirbhísí gréasáin do mhonaróirí uirlise diagnóisí neamhspleáiche lena gcomhtháthú, a chumasaíonn códú malairtí, péireáil bunpháirte athsholáthair le feithicil (lena n-áirítear páirteanna athmhonaraithe nó ath-úsáidte atá comhoiriúnach le bogearraí agus crua-earraí (mar a shainíonn an monaróir feithiclí)) nó páirt athsholáthair arna húdarú ag an monaróir feithiclí, mar aon le hathchlárú aonad rialaithe le bogearraí buntrealaimh feithicle de réir threoracha an mhonaróra, nó;

(b) faisnéis, próisis agus acmhainní is gá chun códú malairtí agus athchlárú a chur chun feidhme in uirlis dhiagnóiseach neamhspleách an mhonaróra uirlise diagnóisí neamhspleáiche.

De mhaolú ar an teorainn ama a shonraítear sa chéad abairt den phointe seo, áfach, cuirfidh an monaróir feithiclí na bogearraí agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) thuas ar fáil ó na dátaí seo a leanas ar aghaidh:

(i) 23 Meitheamh 2027 , maidir le feithiclí ar deonaíodh deimhniú ar chineálcheadú ina leith den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2020 ach roimh an 6 Iúil 2022;

(ii) 23 Meitheamh 2028 le haghaidh aon oibríocht a bhaineann le nuashonruithe bogearraí a dhéanamh nó aon oibríocht a bhíonn spleách ar nuashonruithe bogearraí a dhéanamh.';

(19) cuirtear isteach an pointe 6.4b seo a leanas:

'6.4.b Go dtí go gcuirfidh an monaróir feithiclí na bogearraí nó an fhaisnéis ar fáil i leith cineál feithicle dá dtagraítear i bpointe 6.4a agus ar feadh tréimhse 2 bhliain i ndiaidh an dáta sin, beidh an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhíse cianda, dá dtagraítear i bpointe 1.2 d'Fhoscríbhinn 4, as crua-earraí diagnóiseacha agus as bogearraí diagnóiseacha an mhonaróra feithiclí chun athchlárú nó códú malairtí nó gníomhú páirteanna a dhéanamh, beidh sí faoi réir na dtáillí agus na gcoinníollacha íocaíochta céanna atá infheidhme maidir le deisitheoirí neamhspleácha, gan beann ar cibé acu a úsáidtear na huirlisí diagnóiseacha go cianda nó nach n-úsáidtear.

Thairis sin, roinnfidh an monaróir feithiclí an méid seo a leanas le haon mhonaróir uirlise diagnóisí leasmhar, a luaithe a bheidh sé ar fáil:

(a) an fhaisnéis is gá chun an comhéadan ríomhchláraithe feidhmchláir a chur chun feidhme idir córas ábhartha an mhonaróra feithiclí agus córas an mhonaróra uirlise diagnóisí:

(i) tráth nach déanaí ná 23 Meitheamh 2027 le haghaidh aon oibríocht a bhaineann le nuashonruithe bogearraí a dhéanamh nó a bhíonn spleách ar nuashonruithe bogearraí a dhéanamh; agus

(ii) i gcás oibríochtaí eile, tráth nach déanaí ná 23 Meán Fómhair 2026 ; nó

(iii) maidir le feithiclí ar deonaíodh deimhniú ar chineálcheadú ina leith den chéad uair roimh an 6 Iúil 2022, tráth nach déanaí ná 23 Nollaig 2026 ;

(b) an fhaisnéis is gá chun tástáil a dhéanamh ar fheidhmiúlacht an nuashonraithe agus ar idirghníomhú an nuashonraithe le haghaidh crua-earraí, tráth nach déanaí ná 23 Nollaig 2027 le haghaidh aon oibríocht a bhaineann le nuashonruithe bogearraí a dhéanamh nó a bhíonn spleách ar nuashonruithe bogearraí a dhéanamh.';

(20) cuirtear isteach an pointe 6.4c seo a leanas:

‘6.4c. Díchúpláil comhpháirteanna, aonad teicniúil ar leithligh, páirteanna agus trealaimh, cé is moite díobh sin a dearadh an chéad lá chun nach díchúplálfar iad, déanfar an díchúpláil sin i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach sa phointe seo. Ní bheidh sí faoi réir aon choinníoll seachas iad sin dá dtagraítear sa phointe seo.

Cuirfidh an monaróir próiseas i bhfeidhm chun comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna agus trealamh a dhíchúpláil. Chun comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh ath-úsáidte a shuiteáil, féadfar a áireamh sna próisis a shainíonn an monaróir feithiclí ceanglas go soláthrófar an t-aitheantóir uathúil (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, sraithuimhir aonaid) na comhpháirte, an aonaid theicniúil ar leithligh, na páirte nó an trealaimh lena mbaineann, agus uimhir aitheantais feithicle na feithicle, mar aon le ceanglas go bhfaighfear comhaontú ó úinéir nó ó léasaí na feithicle, i gcás inar inaitheanta iad. I gcás inar gá comhaontú a fháil, féadfar é a sholáthar go haisioncronach ó dhíshuiteáil na páirte.

Chun críoch athmhonaraithe i bpróiseas tionsclaíoch, lena ndéantar comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh caite nó teipthe a athchóiriú chun a sonraíochta bunaidh, ní bheidh gá le huimhir aitheantais feithicle na bunfheithicle le haghaidh na díchúplála ón mbunfheithicil. Sa chás sin, d’fhéadfadh sé gur ghá aitheantóir uathúil na comhpháirte agus comhaontú ó úinéir nó ó léasaí na feithicle a fháil, i gcás inar inaitheanta iad.

Beidh rochtain chothrom ar na próisis sin ag na hoibreoirí neamhspleácha uile, lena n-áirítear athmhonaróirí agus athchóiritheoirí, arna bhfíordheimhniú i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i bhFoscríbhinn 4.

Chun oibreoir den sórt sin a fhíordheimhniú, i gcás ina bhfuil próiseas díchúplála an mhonaróra feithiclí le déanamh ar a n-ardáin sheachtracha, glacfar le dintiúir fíordheimhniúcháin a eisíodh i gcomhréir le pointe 9.2 d’Fhoscríbhinn 4, nó iad sin a eisíodh chun rochtain a fháil ar shuíomh gréasáin an mhonaróra feithiclí maidir le faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil.’;

(21) scriostar pointí 7.2 agus 7.3;

(22) cuirtear an méid seo sa leanas in ionad phointe 7.4:

‘7.4. Ar bhonn deimhniú comhlánaithe maidir le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithicle, féadfaidh an t-údarás ceadaithe a mheas go bhfuil socruithe agus nósanna imeachta sásúla curtha ar bun ag an monaróir i dtaca le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithicle, ar choinníoll nach ndearnadh aon ghearán.’;

(23) cuirtear isteach an pointe 7.5 seo a leanas:

‘7.5. Soláthrófar an fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle agus an fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil d’oibreoirí neamhspleácha ar a dhéanaí an dáta a chuirtear an fheithicil ar an margadh.’;

(24) i bhFoscríbhinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. An fhaisnéis is gá chun uirlisí diagnóiseacha a mhonarú

Chun soláthar uirlisí diagnóiseacha cineálacha do dheisitheoirí ildéanamh a éascú, cuirfidh monaróir feithiclí ar fáil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 3.1, 3.2 agus 3.3. Áireofar san fhaisnéis sin feidhmeanna uile na n-uirlisí diagnóiseacha agus na naisc uile chuig faisnéis faoi dheisiú agus faoi threoracha fadhbcheartaithe. Féadfar táille réasúnach a ghearradh ar an rochtain ar an bhfaisnéis.’;

(25) leasaítear Foscríbhinn 3 mar a leanas:

(a) i bpointe 2, cuirtear isteach na pointí 2.1.14 agus 2.1.15 seo a leanas:

‘2.1.14. ‘Soláthróir Seirbhíse Cianda’

ciallóidh ‘soláthraí seirbhíse cianda’ soláthraí seirbhíse a dhéanann, mar sheirbhís a sholáthraítear don oibreoir neamhspleách i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí a bhaineann le SERMI, páirteanna nó trealaimh a chlárú, a fheistiú nó a ghníomhachtú ar fheithicil go cianda.

2.1.15. ‘Fostaí de chuid soláthróra seirbhíse cianda’

Ciallóidh ‘fostaí de chuid soláthróra seirbhíse cianda’ fostaí de chuid soláthróra seirbhíse cianda fhormheasta ar fostaí é a mbeidh rochtain aige ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a bhaineann leis an tslándáil, tar éis údarú a fháil ón gcomhlacht um measúnú comhréireachta.’;

(b) i bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú agus an cheathrú pointe:

'Oibreoirí neamhspleácha ar mian leo faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a fháil a bhaineann leis an tslándáil, gheobhaidh siad deimhniú maidir le hiniúchadh formheasa ó chomhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta.

Fostaithe oibreoirí neamhspleácha atá le faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a láimhseáil a bhaineann leis an tslándáil, gheobhaidh siad deimhniú maidir le hiniúchadh údaraithe ó chomhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta.';

(c) i bpointe 4.1.1, cuirtear isteach an pointe (f) seo a leanas:

'(f) bainisteoidh SERMI liosta de léirmhínithe ceadaithe, atá le húsáid chun an scéim a léirmhíniú, agus chuige sin amháin.';

(d) cuirtear isteach an pointe 4.4.2 seo a leanas:

'4.4.2. Beidh an malartán satailíte faoi réir na bhfreagrachtaí agus na gceanglas a leagtar síos i bpointe 4.4.1.';

(e) cuirtear isteach an pointe 4.5.2 seo a leanas:

'4.5.2. Beidh fostaí an mhalartáin satailíte faoi réir na bhfreagrachtaí agus na gceanglas a leagtar síos i bpointe 4.5.1.';

(26) cuirtear isteach an Fhoscríbhinn 4 seo a leanas:

'*Foscríbhinn 4*

**Coinníollacha agus nós imeachta um rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle**

1. Raon Feidhme

1.1. Cuimsítear san Fhoscríbhinn seo na coinníollacha maidir le rochtain a mbeidh cead ag an monaróir a leagan amach agus na nósanna imeachta a chuirfidh an monaróir feithiclí i bhfeidhm nó a mbeidh cead aige ceanglas a chur ar pháirtithe eile iad a chur i bhfeidhm, agus na bearta slándála maidir le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord dá dtagraítear i bpointe 2.9.(a) agus (b) den Iarscríbhinn seo á gcur i bhfeidhm.

1.2. Aon tagairt a dhéantar san Fhoscríbhinn seo d'oibreoirí neamhspleácha nó do chomhpháirtithe, do dhéileáilithe agus do dheisitheoirí údaraithe, nó do mhonaróir feithiclí atá ag feidhmiú chun críoch deisiúcháin agus cothabhála chomh maith, cuimseoidh sí aon duine nó oibreoir atá ag gníomhú ar a son, amhail soláthraí seirbhíse a dhéanann, mar sheirbhís a sholáthraítear don oibreoir neamhspleách, páirteanna nó trealamh a chlárú, a fheistiú nó a ghníomhachtú ar fheithicil go cianda (soláthróirí seirbhíse cianda).

2. Oibleagáidí ar an monaróir

2.1. Beidh an monaróir feithiclí freagrach as a áirithiú go bhfuil na réamhriachtanais theicniúla uile i bhfeidhm i ndáil le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta dá dtagraítear san Fhoscríbhinn seo, lena n-áirítear dintiúir rochtana amhail deimhnithe nó comharthaí bogearra agus na socruithe is gá le monaróirí uirlise diagnóisí.

2.2. Léireoidh an monaróir feithiclí don údarás ceadaithe gur dearadh an fheithicil chun go mbeifear in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, i gcomhréir leis na ceanglais san Fhoscríbhinn seo, agus úsáid á baint as uirlisí diagnóiseacha ilbhranda.

2.3. Soláthróidh an monaróir feithiclí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 11 den Fhoscríbhinn seo do na monaróirí uirlisí diagnóiseacha.

2.4. Maidir le freastalaí an mhonaróra feithiclí a úsáidtear chun rochtain a thabhairt faoi phointe 2.9 den Iarscríbhinn seo, áiritheoidh an monaróir feithiclí go dtugtar d'oibreoirí neamhspleácha ar bhonn neamh-idirdhealaitheach tríd an bhfreastalaí sin an infhaighteacht agus an fheidhmíocht chéanna maidir leis an gcóras faisnéise agus a thugtar dá chomhpháirtithe, dá dhéileáilithe agus dá dheisitheoirí údaraithe nó don mhonaróir feithiclí a úsáideann é chun na críche sin.

Áiritheoidh an monaróir feithiclí go mbeidh fáil, gan cur isteach, ar aon fhreastalaí a úsáidtear chun rochtain a chumasú faoi phointe 2.9 den Iarscríbhinn seo, ach amháin in imthosca eisceachtúla nárbh fhéidir a thuar ná nach raibh aon neart ag an monaróir feithiclí orthu ná nach bhfuil inchurtha i leith faillí a rinne sé, nó de réir mar is gá chun an córas faisnéise a chothabháil. I gcás cothabhála, ní bheidh an tréimhse do-úsáidteachta níos faide ná tréimhse cothabhála aon fhreastalaí eile a úsáideann an monaróir chun rochtain a chumasú chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointe 2.9 den Iarscríbhinn seo. Cuirfear an fhaisnéis faoin gcothabháil bheartaithe ar fáil do mhonaróirí na n-uirlisí diagnóiseacha luath go leor roimh ré.

Cuirfidh an monaróir feithiclí faisnéis staidrimh faoi infhaighteacht freastalaí ar fáil ar bhonn bliantúil don údarás ceadaithe arna iarraidh sin dó. Tuairisceoidh an monaróir feithiclí cásanna nach bhfuil fáil ar an bhfreastalaí go pras chuig an bhFóram maidir le diagnóisic ar bord a shainítear i bpointe 12.

2.5. Ní chuirfidh an monaróir feithiclí srian ar rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord thar na srianta a leagtar síos san Fhoscríbhinn seo ach amháin má fhoráiltear a mhalairt go sonrach sa Rialachán seo. Thairis sin, ní chuirfidh an monaróir feithiclí srian ar an rochtain a bhíonn ag oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord thar na srianta is infheidhme maidir lena chomhpháirtithe, lena dhéileáilithe agus lena dheisitheoirí údaraithe nó don mhonaróir feithiclí a fhaigheann rochtain ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord chun críoch deisiúcháin agus cothabhála.

2.6. Áiritheoidh an monaróir feithiclí nach mbeidh de thoradh ar na bearta cibearshlándála a chuireann sé chun feidhme, lena n-áirítear na ceanglais oiriúnachta dá dtagraítear i bpointe 6.2, go gcuirfear srian nó bac ar rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord faoin bhFoscríbhinn seo thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun Airteagal 4.5(d) de Rialachán (AE) 2019/2144 agus Iarscríbhinn II, líne D4, a ghabhann leis a chomhlíonadh. Féadfaidh na bearta sin aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i gcás inar féidir leis an monaróir feithiclí a dtionchar agus a ndóchúlacht a léiriú.

2.7. Aon bheart a chuireann an monaróir feithiclí chun feidhme chun crioscaíl astaíochtaí agus calaois odaiméadair a chosc, ní chuirfidh sé srian ná bac ar rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun Airteagal 4(7) agus 4(8) de Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a chomhlíonadh.

3. Fíordheimhniú

3.1. Féadfaidh an monaróir feithiclí a chur de cheanglas, mar choinníoll maidir leis na dintiúir rochtana a eisiúint, go bhfíordheimhneofar an monaróir uirlise diagnóisí agus an uirlis dhiagnóiseach a úsáidtear, ach amháin i gcás na n-oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála seo a leanas:

(a) cóid diagnóise fabht a léamh;

(b) uimhir aitheantais feithicle na feithicle a léamh;

(c) sonraí a léamh agus cóid diagnóise fabht a ghlanadh i gcás ina leagtar síos mar cheanglas le Rialachán (AE) 2017/1151 nó Rialachán (AE) 2024/1257 é rochtain neamhshrianta a bheith ann trí bhíthin uirlis scannta chineálach nó diagnóisice ar bord; nó i gcás ina ndéantar foráil maidir leis i Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe, Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe (**), Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe (***) nó Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

3.2. I gcás ina mbaineann athruithe ar an bhfeithicil le rochtain ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a leagan síos, mar choinníoll maidir leis na dintiúir rochtana a eisiúint, go bhfíordheimhneofar an t-oibreoir. I gcás gairis a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh, i gcás nach ndéantar ach na sonraí a léamh agus a thuairisciú go huathrialaitheach do fhreastalaí an mhonaróra uirlise diagnóisí gan aon idirghníomhú daonna, ní éileoidh an monaróir feithiclí fíordheimhniú an oibreora.

3.3. I gcás ina mbaineann athrú ar bhogearra feithicle nó ar a chumraíocht/ar a pharaiméadair arb éard atá ann athchlárú ar chód bogearra na feithicle agus arb é is toradh air athrú ar iompar beartaithe na feithicle agus a mhaireann níos faide ná an oibríocht deisiúcháin agus cothabhála, ionas nach féidir é a aisiompú ná a fhorscríobh ach trí oibríocht choibhéiseach a dhéanamh, i gcás ina mbaineann athrú den sórt sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go bhfíordheimhneofar fostaí an oibreora atá ag iarraidh rochtana ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, ach amháin má dhearbhaíonn an monaróir uirlise diagnóisí don mhonaróir feithiclí, bunaithe ar thoradh iniúchta neamhspleách a rinneadh tráth nach luaithe ná 3 bliana roimh an iarraidh, go bhfuil córas i bhfeidhm ag an oibreoir chun an fostaí a bhfuil an rochtain sin á hiarraidh aige a shainaithint go soiléir.

3.4. Cuimseofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 3.2 oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála amhail gníomhachtú gníomhróirí agus gnáthaimh tástála feidhme, cóid diagnóise fabht a ghlanadh, solais seirbhíse a athshocrú, paraiméadair d'fhoghlaim oiriúnaitheach a athshocrú agus páirteanna a athchur, lena n-áirítear sonraí léimh agus comhpháirte neamhchliste a thúsú de réir sainaitheantóra, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear iad chun iniúchadh teicniúil tréimhsiúil a dhéanamh lena mbaineann luachanna atá inchomparáide leis na luachanna a shonraítear in ISO20730-3, Iarscríbhinn B, ar choinníoll go bhfuil na luachanna sin ar fáil san fheithicil.

3.5. Áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 3.2 calabrú, arb éard atá ann próiseas chun paraiméadair bogearraí nó crua-earraí feithicle a choigeartú nó a ailíniú mar a leagann an monaróir feithiclí síos agus gan códú malairtí ná modhnú na mbogearraí feithicle.

3.6. Chun an fíordheimhniú dá dtagraítear i bpointí 3.1 go 3.3 a dhéanamh, d'fhéadfadh sé go gceanglódh an monaróir feithiclí ar mhonaróir na huirlise a úsáidtear chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord dearbhú a dhéanamh don mhonaróir feithiclí i leith na nithe seo a leanas:

(a) céannacht na huirlise diagnóisí;

(b) i gcás ina mbaineann athruithe ar an bhfeithicil dá dtagraítear i bpointe 3.2 leis an rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, céannacht na huirlise diagnóisí agus céannacht bhréagainmnithe an oibreora agus comhlíontacht an oibreora leis na ceanglais údaraithe dá dtagraítear i bpointe 8.1;

(c) i gcás ina mbaineann athrú ar an mbogearra feithicle nó ar a chumraíocht/ar a pharaiméadair arb éard atá ann athchlárú ar chód bogearra na feithicle agus arb é is toradh air athrú ar iompar beartaithe na feithicle a mhaireann níos faide ná an oibríocht deisiúcháin, ionas nach féidir é a aisiompú ná a fhorscríobh ach trí oibríocht choibhéiseach a dhéanamh, dá dtagraítear i bpointe 3.3, i gcás ina mbaineann athrú den sórt sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord céannacht bhréagainmnithe fhostaí an oibreora agus comhlíontacht an fhostaithe sin leis na ceanglais údaraithe dá dtagraítear i bpointe 8.2.

3.7. I gcásanna dá dtagraítear i bpointe 3.6, pointí (b) agus (c), fíoróidh monaróir na huirlise diagnóisí a úsáidtear chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord céannacht an oibreora agus, i gcás inarb ábhartha, céannacht fhostaí an oibreora agus a chomhlíontacht leis na ceanglais údaraithe dá dtagraítear i bpointí 8.1 agus 8.2 nó suífear í bunaithe ar an deimhniú údaraithe dá dtagraítear i bpointe 9.2.

3.8. Ní éileoidh an monaróir feithiclí aon táille chun rochtain a chumasú faoi phointe 2.9 d'Iarscríbhinn X. Féadfaidh an monaróir feithiclí táillí comhréireacha a bhfuil údar leo a ghearradh i gcás na saoráide cianda dá dtagraítear i bpointe 2.9, pointe (c), áfach.

4. Ceanglais maidir le nascadh

4.1. Cé is moite de na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 3.1, pointí (a) go (c), féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go ndéanfar nascadh aonuaire ar líne ón uirlis dhiagnóiseach trí fhreastalaí an mhonaróra uirlise diagnóisí le freastalaí an mhonaróra feithiclí chun dintiúir a fháil. Tar éis na dintiúir rochtana a sholáthar, ní bheidh nascadh ar líne de dhíth chun rochtain a fháil.

4.2. I gcás ina mbaineann athrú ar bhogearra feithicle nó ar a chumraíocht/ar a pharaiméadair arb é is toradh air athrú ar iompar beartaithe na feithicle agus a mhaireann níos faide ná an oibríocht deisiúcháin agus cothabhála, ionas nach féidir é a aisiompú ná a fhorscríobh ach trí oibríocht choibhéiseach a dhéanamh, i gcás ina mbaineann athrú den sórt sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go mbeidh nasc leanúnach ar líne ann le freastalaí an mhonaróra uirlise diagnóisí tráth a dhéantar an deisiúchán leis an uirlis dhiagnóiseach chomh maith le nasc idir an monaróir uirlise diagnóisí agus freastalaí an mhonaróra feithiclí.

4.3. Cuimseofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 4.2 an méid seo a leanas;

(a) oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála amhail comhpháirt athchuir agus sainroghanna custaiméara a shocrú, aonad rialaithe leictreonach a shainaithint agus códú malairtí a shainaithint, aonad rialaithe leictreonach agus comhpháirt a thúsú, códú malairtí i gcás ina n-athsholáthraítear comhpháirteanna atá ann cheana, agus códú malairtí i gcás ina gcuirtear comhpháirt nua isteach;

(b) oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála dá dtagraítear i bpointe 5.5.

4.4. Ní áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 4.2 oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála a áirítear i bpointí 3.4 agus 3.5.

4.5. De mhaolú ar phointe 4.4, áfach, áirítear leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 4.2 oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála dá dtagraítear i bpointe 3.5 i gcás inar gá luachanna calabraithe a fhíorú atá faoi réir ceanglais rialála nó i gcás nach féidir an calabrú a thabhairt i gcrích d'uireasa sonraí sonracha i dtaobh comhpháirt aonair nó aonad teicniúil faoi leith is gá chun an próiseas deisiúcháin a thabhairt i gcrích agus a fhaightear ó fhreastalaí an mhonaróra mar chuid den phróiseas códaithe malairtí.

5. Ceanglais maidir le hinrianaitheacht

5.1. Cé is moite de na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 3.1, pointí (a) go (c), féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go mbaileoidh agus go stórálfaidh an monaróir uirlise diagnóisí uimhir aitheantais feithicle na feithicle agus sainaitheantóir uathúil na huirlise diagnóisí.

5.2. I gcás ina mbaineann athruithe ar an bhfeithicil leis an rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go mbaileoidh agus go stórálfaidh an monaróir uirlise diagnóisí faisnéis faoi na jabanna uile diagnóisice a rinneadh (e.g. aitheantas seirbhíse agus fofheidhm) agus na paraiméadair/aitreabúidí a úsáideadh agus stampaí dáta agus ama AUL le haghaidh gach idirghníomhaíochta leis an bhfeithicil.

5.3. Áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 5.2 na hoibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála sin dá dtagraítear i bpointí 3.4, 3.5, 4.3 agus 4.5.

5.4. I gcás ina mbaineann athrú ar bhogearra feithicle nó ar a chumraíocht/ar a pharaiméadair arb éard atá ann athchlárú ar chód bogearra na feithicle agus arb é is toradh air athrú ar iompar beartaithe na feithicle agus a mhaireann níos faide ná an oibríocht deisiúcháin agus cothabhála, ionas nach féidir é a aisiompú ná a fhorscríobh ach trí oibríocht choibhéiseach a dhéanamh, i gcás ina mbaineann athrú den sórt sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go mbaileoidh agus go soláthróidh an monaróir uirlise diagnóisí torthaí an iniúchta ar thoipeolaíocht líonra na feithicle, staid tosaigh na feithicle nuair a nasctar léi, lena n-áirítear leaganacha bogearraí/crua-earraí na n-aonad rialaithe leictreonach uile atá feistithe san fheithicil, torthaí na n-idirghníomhaíochtaí modúil agus na ngnáthamh uile a ritheadh (e.g. paraiméadair aischurtha) agus torthaí na miontuairisce seiceála deiridh ar dhea-chaoi feithicle tar éis deisiúcháin.

5.5. Áireofar sna cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 5.4 oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála amhail bunpháirt athsholáthair a phéireáil le feithicil (lena n-áirítear páirt athmhonaraithe nó ath-úsáidte atá comhoiriúnacha le bogearraí agus crua-earraí (mar a shainíonn an monaróir feithiclí)), nó páirt athsholáthair atá údaraithe ag an monaróir feithiclí a phéireáil le feithicil trí uirlis dhiagnóiseach neamhspleách a úsáid agus athchlárú modúil trí úsáid a bhaint as bogearraí feithicle buntrealaimh agus bogearraí cláraithe buntrealaimh i gcomhréir le treoracha an mhonaróra feithiclí. Áireofar ann freisin cásanna díchúplála nó dícháraithe comhpháirte ó fheithicil.

5.6. Ní áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 5.4 oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála a áirítear i bpointí 3.4, 3.5, 4.3 agus 4.5.

6. Ceanglais maidir leis an gcibearshlándáil is infheidhme maidir le huirlis dhiagnóiseach

6.1. Cé is moite de chásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 3.1, pointí (a) go (c), féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go mbeidh an uirlis dhiagnóiseach a úsáidtear chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha i Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus on gComhairle (****) agus go mbeidh an monaróir uirlise diagnóisí i gcomhréir leis an Sásra Malartaithe agus Measúnaithe Iontaofa um Shlándáil Faisnéise, chuig an leibhéal a shonraíonn an monaróir feithiclí i gcomhréir le pointe 2.5, nó ISO 27001.

6.2. I gcás ina mbaineann athruithe ar an bhfeithicil dá dtagraítear i bpointe 3.2 le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir feithiclí ceanglas a dhéanamh de go mbeidh an uirlis dhiagnóiseach a úsáidtear chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord agus an monaróir uirlise diagnóisí i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme slándála an mhonaróra feithiclí.

6.3. Ceanglais chur chun feidhme slándála an mhonaróra feithiclí, ní rachaidh siad thar na ceanglais a fhorchuirtear ar uirlis dhiagnóiseach, soláthróirí uirlise agus eagraíocht dhílis an mhonaróra feithiclí, agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

6.4. Féadfaidh an monaróir feithiclí a cheangal ar an monaróir uirlise diagnóisí tástálacha a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an uirlis dhiagnóiseach i gcomhréir leis na ceanglais shonraithe. Áiritheofar trí bhíthin Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse go ndéanfaidh an monaróir feithiclí aon fhíorú ar thorthaí na dtástálacha sin go tráthúil. I gcás nach ndeimhnítear go bhfuil an monaróir uirlise diagnóisí i gcomhréir leis na ceanglais sa roinn seo, soláthróidh an monaróir feithiclí ráiteas soiléir ina bhfuil na cúiseanna nach bhfuiltear á gcomhlíonadh, in éineacht leis na bearta is gá atá le cur chun feidhme ag an monaróir uirlise diagnóisí.

6.5. Áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 6.2 na hoibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála sin dá dtagraítear i bpointí 3.4 agus 3.5.

6.6. I gcás athrú ar bhogearra feithicle nó ar a chumraíocht/ar a pharaiméadair arb é is toradh air athrú ar iompar beartaithe na feithicle agus a mhaireann níos faide ná an oibríocht deisiúcháin agus cothabhála, ionas nach féidir é a aisiompú ná a fhorscríobh ach trí oibríocht choibhéiseach a dhéanamh, i gcás ina mbaineann athrú den sórt sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, féadfaidh an monaróir ceanglas a dhéanamh de go mbeidh an uirlis dhiagnóiseach a úsáidtear chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord agus an monaróir uirlise diagnóisí i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha maidir le cur chun feidhme Chóras Bainistithe Nuashonruithe Bogearraí an mhonaróra feithiclí (mar a shainítear i Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiúin Aontaithe (*****). Ní rachaidh na ceanglais sin thar na ceanglais a fhorchuirtear ar uirlis dhiagnóiseach, soláthróirí uirlise agus eagraíocht dhílis an mhonaróra feithiclí, agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

6.7. Áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 6.6 na hoibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála sin dá dtagraítear i bpointí 4.3, 4.5 agus 5.5 agus ní áireofar iad siúd dá dtagraítear i bpointí 3.4 agus 3.5.

7. Dintiúir rochtana

7.1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile dá dtagraítear i Ranna 3, 4 agus 6, soláthróidh an monaróir feithiclí dintiúir rochtana don mhonaróir uirlise diagnóisí gan mhoill, ar dintiúir rochtana iad atá leordhóthanach chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord is gá.

7.2. Féadfaidh dintiúir rochtana a bheith sonrach don uimhir aitheantais feithicle.

7.3. Beidh dintiúir rochtana bailí ar feadh 30 lá ar a laghad ón uair a sholáthraítear iad.

7.4. I gcás ina mbaineann athrú ar an bhfeithicil le rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, áfach, féadfaidh an monaróir feithiclí bailíocht na ndintiúr rochtana a theorannú do 24 uair an chloig.

7.5. Áireofar leis na cásanna rochtana dá dtagraítear i bpointe 7.4 na hoibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála dá dtagraítear i bpointí 3.4, 3.5, 4.3, 4.5 agus 5.5.

8. Critéar údaraithe agus deimhnithe údaraithe

8.1. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 3.2, féadfaidh an monaróir feithiclí diúltú dintiúir rochtana a eisiúint mura ndearbhaíonn monaróir na huirlise diagnóisí a úsáidtear chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord an méid seo a leanas i dtaobh an oibreora a bhfuil rochtain á lorg aige ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord:

(a) go bhfuil árachas dliteanais bailí aige lena ngabhann íosmhéid cumhdaigh EUR 1 mhilliún maidir le díobháil coirp agus íosmhéid cumhdaigh EUR 0,5 milliún maidir le damáiste do mhaoin;

(b) go bhfuil gníomhaíocht ghnó dhlisteanach á saothrú aige san earnáil mótarfheithiclí dá dtagraítear i bpointe 6.3 den Iarscríbhinn seo.

Ní fhorchuirfidh an monaróir feithiclí aon choinníoll eile maidir le dintiúir rochtana a eisiúint seachas iad sin a shonraítear i bpointí (a) agus (b).

8.2. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 5.4, nuair a éilíonn an monaróir feithiclí fíordheimhniú fhostaí an oibreora agus mura ndearbhaíonn an monaróir uirlise diagnóisí don mhonaróir feithiclí, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 3.3, go bhfuil córas i bhfeidhm ag an oibreoir lena gcumasaítear sainaithint chinnte an fhostaí a lorgaíonn rochtain den sórt sin, féadfaidh an monaróir feithiclí a dhiúltú na dintiúir rochtana a eisiúint i gcás nach ndearbhaíonn monaróir na huirlise diagnóisí a úsáidtear chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dhiagnóiseach ar bord, sa bhreis ar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe 8.1., go bhfuil comhaontú fostaíochta ag an bhfostaí a bhfuil rochtain á lorg aige ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord leis an oibreoir a bhfuil rochtain á lorg aige ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord agus go bhfuil cárta aitheantais bailí tírshonrach nó doiciméad coibhéiseach ag an bhfostaí lena mbaineann.

8.3. Chun bheith incháilithe don nós imeachta fíordheimhniúcháin faoin bhFoscríbhinn seo, tabharfaidh an monaróir uirlise diagnóisí gealltanas faoi choinníollacha ginearálta na gconarthaí le hoibreoirí glacadh, ar iarraidh ón oibreoir neamhspleách, chun comhlíontacht a dhearbhú leis na ceanglais dá dtagraítear i bpointí 8.1 agus 8.2, le deimhniú dá dtagraítear i bpointe 9.2 den bhFoscríbhinn seo agus nár eisíodh tráth níos luaithe ná 60 mí roimh an iarraidh ar rochtain. I gcás nach n-iarrann oibreoir fíordheimhniú bunaithe ar an ndeimhniú sin, áfach, féadfaidh an monaróir uirlise diagnóisí, chun fíordheimhniú a dhéanamh, roghnú céannacht an oibreora nó céannacht fhostaí an oibreora agus comhlíontacht na gcritéar údaraithe a fhíorú trí bhíthin a phróiseas dílis.

9. Comhlacht um Measúnú Comhréireachta agus Ionad Iontaoibhe

9.1. Maidir leis na deimhnithe dá dtagraítear i bpointí 3.7 agus 8.3, eiseoidh Ionad Iontaoibhe dá dtagraítear i bpointe 2.1.6 d'Fhoscríbhinn 3 iad bunaithe ar thorthaí an Chomhlachta um Measúnú Comhréireachta dá dtagraítear i bpointe 4.2.2 d'Fhoscríbhinn 3 maidir leis na tosca dá dtagraítear i bpointe 9.2.

9.2. Chun go n-eiseodh Ionad Iontaoibhe na deimhnithe údaraithe, déanfaidh an Comhlacht um Measúnú Comhréireachta an méid seo a leanas:

(a) comhlíonfaidh sé na ceanglais dá dtagraítear faoi phointe 4.3.1., pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g), (h), (i), (k), (l), (n) agus (p) d'Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn X;

(b) iniúchfaidh sé agus deimhneoidh sé na tosca dá dtagraítear faoi phointe 4.3.3., pointí (d) agus (g), d'Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn X. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 5.4, i gcás ina n-éilíonn an monaróir feithiclí fíordheimhniú fhostaí an oibreora, tagróidh iniúchadh agus deimhniú na dtosca sin d'fhostaí an oibreora.

9.3. Chun na deimhnithe údaraithe a eisiúint sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 9.1, déanfaidh an tIonad Iontaoibhe an méid seo a leanas:

(a) comhlíonfaidh sé na ceanglais a shonraítear i bpointe 4.6 d'Fhoscríbhinn 3;

(b) soláthróidh sé an fhaisnéis uile is gá don mhonaróir uirlise diagnóisí chun na deimhnithe a chur chun feidhme ina n-uirlisí diagnóiseacha.

10. Rochtain an mhonaróra feithiclí ar fhaisnéis faoin oibreoir

10.1. Gheobhaidh an monaróir feithiclí, arna iarraidh sin dó, rochtain ón monaróir uirlise diagnóisí ar an bhfaisnéis maidir le hoibríocht aonair deisiúcháin nó chothabhála a taifeadadh i gcomhréir le Roinn 5 i gcás inar gá maidir le hobair dheisiúcháin nó chothabhála a rinneadh ar fheithicil ar leith chun an méid seo a leanas a dhéanamh agus sa chás sin amháin:

(a) freagairt d'amhras réasúnach maidir le mí-úsáid thromchúiseach rochtana ar fheithicil,

(b) imscrúdú a dhéanamh i gcás dliteanas táirge nó éilimh bharánta

(c) imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais chibearshlándála nó crioscaíola neamhdhleathaí, ceisteanna an úinéara feithicle nó údaráis phoiblí a fhreagairt

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c), áireofar san fhaisnéis sin, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis faoin oibreoir agus/nó faoina fhostaithe. I gcás ina raibh an monaróir uirlise diagnóisí ag brath ar fhíordheimhniú deimhnithe a sholáthair an tIonad Iontaoibhe, soláthróidh an Comhlacht um Measúnú Comhréireachta ábhartha an fhaisnéis is gá bunaithe ar a mheasúnú ar iarraidh dhoiciméadaithe ón monaróir feithiclí.

Áiritheoidh an monaróir feithiclí nach n-úsáidfear an fhaisnéis faoi oibríocht aonair deisiúcháin nó chothabhála a bhfuarthas rochtain uirthi chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) chun aon chríche eile.

10.2. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 10.1, cuirfidh an monaróir uirlise diagnóisí an t-oibreoir neamhspleách agus, i gcás inarb ábhartha, fostaí an oibreora neamhspleách ar an eolas gan mhoill faoin rochtain ar an bhfaisnéis faoi oibríocht aonair deisiúcháin nó chothabhála nó ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an oibreoir agus/nó a fhostaithe.

10.3. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 10.1, pointí (a) agus (c), agus i gcás inar gá agus inar comhréireacha chun mí-úsáid bhreise a chosc nó aghaidh a thabhairt ar riosca cibearshlándála, féadfaidh an monaróir feithiclí rochtain na huirlisí diagnóisí lena mbaineann a chur ar fionraí nó a shrianadh nó iarraidh ar an monaróir uirlise diagnóisí lena mbaineann bearta a dhéanamh láithreach chun srian a chur ar rochtain an oibreora, na huirlise diagnóisí nó an fhostaí lena mbaineann ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord a bhaineann le feithiclí an mhonaróra sin.

10.4. I gcásanna eisceachtúla, mar fhreagairt ar theagmhas mór cibearshlándála atá ag tarlú nó atá ar tí tarlú, féadfaidh monaróir feithiclí rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord a chur ar fionraí, ar an leibhéal is mionsonraithe is féidir, i gcás inar gá agus inar comhréireach chun freagairt don teagmhas lena mbaineann.

10.5. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí 10.3 agus 10.4, tabharfaidh an monaróir feithiclí fógra faoin bhfionraí, an tráth céanna, don Údarás Ceadaithe, in éineacht leis na cúiseanna leis an bhfionraí agus an fhianaise ábhartha uile. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí nuair a shocrófar an teagmhas nó má iarrann an tÚdarás Ceadaithe ar an monaróir feithiclí déanamh amhlaidh.

Déanfaidh an tÚdarás Ceadaithe, laistigh de 10 lá ó lá an fhógra, athbhreithniú ar na forais leis an bhfionraí agus, i gcás inar soiléir nach bhfuil údar cuí leis an bhfionraí nó go bhfuil an fionraí díréireach, iarrfaidh sé ar an monaróir feithiclí nó ar an monaróir uirlise diagnóisí lena mbaineann an rochtain a chur ar fáil arís.

Féadfaidh an tÚdarás Ceadaithe iarraidh, tráth ar bith, ar an monaróir feithiclí agus ar an monaróir uirlise diagnóisí lena mbaineann an rochtain a chur ar fáil arís i gcás ina measann sé gur tháinig deireadh leis na forais leis an bhfionraí.

11. Faisnéis atá le soláthar do mhonaróirí uirlise diagnóisí

11.1. Taispeánfaidh córas faisnéise deisiúcháin agus cothabhála an mhonaróra feithiclí sonraí teagmhála agus próiseálfaidh sé faisnéis ghaolmhar faoin gcaoi arbh fhéidir an fhaisnéis a iarradh a fháil, mar a shonraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (d) maidir le comhtháthú uirlise diagnóisí, tráth an chineálcheadaithe:

(a) faisnéis teagmhála i gcás fiosruithe teicniúla agus tráchtála;

(b) tuairisc ar an bpróiseas comhtháthaithe lena n-áirítear amchlár táscach;

(c) téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir leis an monaróir uirlise diagnóisí uirlisí diagnóiseacha a chomhtháthú;

(d) sceideal táillí chun seirbhísí gaolmhara a chomhtháthú.

11.2. Faoi réir comhaontú neamhnochta a thabhairt i gcrích, cuirfidh an monaróir feithiclí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil, arna iarraidh sin air, d'aon oibreoir neamhspleách atá i gcomhréir leis an Sásra Malartaithe agus Measúnaithe Iontaofa um Shlándáil Faisnéise, ar an leibhéal a shonraigh an monaróir feithiclí i gcomhréir le pointe 2.5, nó ISO 27001:

(a) mar ábhar tagartha, comhaontú samhla maidir le comhtháthú slándála, ina gcuirtear in iúl go soiléir na téarmaí atá beartaithe lena gcur san áireamh i gcomhaontuithe an mhonaróra feithiclí leis na monaróirí uirlise diagnóisí ar an ábhar sin,

(b) tuairisc ar na ceanglais agus ar na próisis um chomhtháthú slán na huirlise diagnóisí lena n-áirítear an t-amchlár táscach.

11.3. Soláthróidh an monaróir feithiclí an fhaisnéis seo a leanas agus cuirfidh sé na seirbhísí seo a leanas ar fáil don mhonaróir uirlise diagnóisí, tráth a thugtar comhaontú i gcrích maidir le comhtháthú uirlise diagnóisí:

(a) ceanglais, próisis agus sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a thugtar cothrom le dáta go tráthúil chun an uirlis dhiagnóiseach a chomhtháthú ar bhealach slán, lena n-áirítear na ceanglais maidir le cur chun feidhme slándála;

(b) in aghaidh luach saothair réasúnta, dá dtagraítear i bpointe 2.3, tacaíocht theicniúil mhearfhreagartha le haghaidh comhtháthú slándála agus fíorú uirlise diagnóisí.

11.4. Na ceanglais maidir le cur chun feidhme slándála dá dtagraítear i bpointe 11.3, beidh míniú ar na cúiseanna leis an gceanglas sin ag gabháil leo. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an monaróir feithiclí gan ach na ceanglais is gá a sholáthar gan mínithe mionsonraithe i gcás inar fíor an méid seo a leanas:

(a) dá nochtfaí cuspóirí sonracha taobh thiar de cheanglas, d'fhéadfadh sé faisnéis dhílsithe nó rúin cheirde a chur i mbaol, nó

(b) thabharfadh nochtadh na réasúnaíochta straitéis cibearshlándála níos leithne chun solais nach mór a choinneáil faoi rún chun sláine an chórais a chosaint.

11.5. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 11.1 go 11.3 in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú.

12. Fóram maidir le diagnóisic ar bord

12.1. Beidh an fóram um rochtain ar Fhaisnéis faoi Fheithiclí (Fóram maidir le diagnóisic ar bord) i gceannas ar chur chun feidhme nósanna imeachta a chomhordú agus faireachán a dhéanamh air maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fíordheimhniú agus údarú oibreoirí neamhspleácha mar a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 3 agus 8 den Fhoscríbhinn seo, lena n-áirítear na próisis a úsáideann monaróirí uirlisí diagnóiseacha chun critéir údaraithe a fhíorú, mar a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 3 den Fhoscríbhinn seo;

(b) dintiúir rochtana a eisiúint mar a dtugtar tuairisc air i bpointe 7 den Foscríbhinn seo lena n-áirítear ceanglais inrianaitheachta agus nascachta a chomhlíonadh;

(c) faisnéis a nochtadh faoi rochtain agus faoi rochtain a chur ar fionraí nó a shrianadh mar a dtugtar tuairisc air i bpointe 10 den Fhoscríbhinn seo.

12.2. Déanfaidh an Fóram an méid seo a leanas:

(a) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na Foscríbhinne seo;

(b) cuirfidh sé comhairle ar na húdaráis cheadaithe maidir le díospóidí a bhaineann le léirmhíniú agus cur chun feidhme na Foscríbhinne seo;

(c) cuirfidh sé comhairle ar na monaróirí feithicle, ar na monaróirí uirlisí diagnóiseacha agus ar na hoibreoirí neamhspleácha maidir leis an méid seo a leanas:

(i) léirmhíniú na Foscríbhinne;

(ii) gnéithe praiticiúla de na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe 12.1;

(iii) treoraíocht maidir le díospóidí a réiteach a bhaineann le cur chun feidhme na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe 12.1.

12.3. Déanfaidh monaróirí feithicle agus oibreoirí neamhspleácha a bhíonn ag plé le cur chun feidhme agus úsáid na nósanna imeachta agus na bpróiseas a dtugtar tuairisc orthu i mír 12.1 ionadaíocht do chomhaltaí an Fhóraim maidir le diagnóisic ar bord.

12.4. Oibreoidh an Fóram maidir le diagnóisic ar bord faoin struchtúr comónta dlíthiúil agus eagraíochtúil mar an 'Fóram maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoi Dheisiú agus faoi Chothabháil feithicle a bhaineann leis an tSlándáil dá dtagraítear i mír 2.1.12 d'Fhoscríbhinn 3.

(*) Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj).

(**) Rialachán Uimh. 83 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí a mhéid a bhaineann le hastú truailleán de réir riachtanais bhreosla inneall (IO L 42, 15.2.2012, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/83/oj).

(***) Rialachán Uimh. 168 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí éadroma do phaisinéirí agus feithiclí tráchtála a mhéid a bhaineann le fíorastaíochtaí tiomána [2024/211] (IO L, 2024/211, 12.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/211/oj).

(****) Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).

(*****) Rialachán Uimh. 156 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí a mhéid a bhaineann le nuashonrú bogearraí agus córas bainistithe nuashonruithe bogearraí [2021/388] (IO L 82, 9.3.2021, lch. 60, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/388/oj).'